# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2012

# OIDEACHAS REILIGIÚNACH — ARDLEIBHÉAL

An Líon Iomlán Marcanna: 400

DÉARDAOIN, 14 MEITHEAMH — TRÁTHNÓNA, 2.00 go 4.00

## *Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa bhosca seo: [ ]

2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ UILE SA FHREAGARLEABHAR SEO.

3. CAITHFIDH TÚ TABHAIRT FAOI GACH ROINN DE NA 5 ROINN AR AN bPÁIPÉAR SEO.

***Don Fheitheoir amháin***

*Stampa an Ionaid*

***Don Scrúdaitheoir amháin***

| Ceist | Marc |
|---|---|
| ROINN 1 | |
| ROINN 2 | |
| ROINN 3 | |
| ROINN 4 Ceist 1 | |
| ROINN 4 Ceist 2 | |
| ROINN 4 Ceist 3 | |
| ROINN 4 Ceist 4 | |
| ROINN 4 Ceist 5 | |
| ROINN 4 Ceist 6 | |
| ROINN 5 | |
| Marc ar an bPáipéar | |
| Bónas as Freagairt trí Ghaeilge | |
| Iomlán | |
| Marc ar an Dialann | |
| Móriomlán | |

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh | |
| 2. Móriomlán ar na ceisteanna uile a dícheadaíodh | |
| 3. An marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2) | |
| Nóta: Ní mór don mharc i sraith 3 thuas a bheith cothrom leis an marc sa bhosca 'Marc ar an bPáipéar' thall. | |



THALL →

## ROINN 1

(50 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT **DEICH** gCINN DEN FHICHE CEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

SNA CEISTEANNA INA nIARRTAR ORT TIC ✓ A CHUR SA BHOSCA CUÍ,

NÁ CUIR TIC ACH I mBOSCA **AMHÁIN**. **(Tá 5 mharc ag gabháil le gach ceist)**

**1.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'seanmóireacht' ná ______________________

__________________________________________________________________________

**2.** Chuir Pointias Píoláit pianbhreith chun báis ar Íosa Nazórach. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**3.** Sampla amháin den rannpháirtíocht san adhradh is ea dul ar oilithreacht.

Ainmnigh sampla **eile** den rannpháirtíocht san adhradh. ______________________________

__________________________________________________________________________

**4.** Sna Soiscéil déantar cur síos ar an gcaoi ar thug na chéad Chríostaithe 'Mac an Duine' ar Íosa. Ainmnigh teideal **eile** a tugadh d'Íosa sna Soiscéil. ____________________________

__________________________________________________________________________

**5.** Cé acu **ceann** díobh seo a leanas a bhfuil an bhaint is mó aige le deisceabail Íosa ag fáil bhronntanais an Spioraid Naoimh? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Deascabháil ☐ An Chincís ☐ An tAiséirí ☐

**6.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'misean' ná ____________________________

__________________________________________________________________________

**7.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a bhfuil baint aige leis an bhféile reiligiúnach 'Holi'? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Búdachas ☐ An Hiondúchas ☐ An Giúdachas ☐

**8.** Léigh liosta na n-ionad oilithreachta agus liosta na reiligiún domhanda atá tugtha thíos. Mar shampla duit, meaitseáladh ionad oilithreachta amháin leis an reiligiún domhanda is mó a bhfuil baint aige. Déan meaitseáil **amháin** eile.

| *Ionaid Oilithreachta* | *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|---|
| Varanasi | An Búdachas |
| Balla an Olagóin | An Chríostaíocht |
| Meidíne (Medina) | An Hiondúchas |
| An Talamh Naofa | An tIoslamachas |
| Bodh Gaya | An Giúdachas |

| | | |
|---|---|---|
| *Sampla:* | An Talamh Naofa | An Chríostaíocht |
| *Freagra:* | | |

**9.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a shamhlaítear le ceiliúradh na seacht sacraimint? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Chríostaíocht ☐ An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

**10.** Sampla amháin den aondiachas is ea an Chríostaíocht.
Ainmnigh reiligiún domhanda **eile** ar sampla den aondiachas é. ____________________

____________________________________________________________

**11.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'mairtíreacht' ná ____________________

____________________________________________________________

**12.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a samhlaítear an Ár nAthair/Paidir an Tiarna leis? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Búdachas ☐ An Chríostaíocht ☐ An Giúdachas ☐

**13.** Is é an dearcadh atá sa liobraíochas ná ____________________

____________________________________________________________

**14.** Baineann an mhoráltacht leis an tuiscint atá ag duine faoina bhfuil ceart agus mícheart i ndálaí faoi leith. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**15.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'ministreacht' ná ____________________

____________________________________________________________

**16.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a luaitear an Shahada/Shahadah leis? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Búdachas ☐ An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐

**17.** Tréith amháin den chreideamh aibí is ea ____________________

____________________________________________________________

**18.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a bhfuil baint ag Bráman (Brahman) leis? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

**19.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'athmhuintearas' ná ____________________

____________________________________________________________

**20.** Creideann aindiachaí i nDia. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

## ROINN 2

(30 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

ROGHNAIGH **TRÍ CINN** DE NA GRIANGHRAIF SEO A LEANAS AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA AR GACH CEANN DÍOBH. **(Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist)**

**Ceist 1. Tá an pictiúr seo bunaithe ar chuntas Soiscéil ar aiséirí Íosa.**



*www.arabchurch.com*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** as an bpictiúr a thugann le tuiscint go bhfuil sé bunaithe ar aiséirí Íosa.

______________________________________________

______________________________________________

(2 mharc)

**B.** Cén lá den tseachtain de na laethanta thíos a bhfuair deisceabail Íosa amach gur aiséirigh sé ó mhairbh?

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Dé hAoine ☐ Dé Sathairn ☐ Dé Domhnaigh ☐

(2 mharc)

**C.** Luaigh **dhá** bealach ina raibh tionchar ag aiséirí Íosa ar na chéad Chríostaithe.

i. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________


ii. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(6 mharc)

**Ceist 2. Is grianghraf é seo de dhuine ag glacadh ama chun machnamh a dhéanamh.**



*www.gurusoftware.com/images*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** sa ghrianghraf seo a thugann le tuiscint go bhfuil an duine seo i mbun machnaimh.

______________________________________________

______________________________________________

(2 mharc)

**B.** I dtraidisiúin reiligiúnacha ciallaíonn 'machnamh' ____

______________________________________________

______________________________________________

(2 mharc)

**C.** Luaigh **dhá** chúis a bhfuil sé tábhachtach do bhaill de phobal creidimh am a ghlacadh chun machnamh a dhéanamh.

i. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

ii. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(6 mharc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

| + | = |
|---|---|

**Ceist 3. Is grianghraf é seo de dhaoine i mbun paideoireachta.**



*www.thecuttingedgenews.com*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** sa ghrianghraf seo a thugann le tuiscint go bhfuil na daoine seo i mbun paideoireachta.

________________________________________

________________________________________

(2 mharc)

**B.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é atá i gceist le hurnaí phobail ná ______________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

(2 mharc)

**C.** Luaigh **dhá** chúis a mbíonn baill de phobal creidimh rannpháirteach in urnaí phobail.

i. ________________________________________

________________________________________

________________________________________

ii. ________________________________________

________________________________________

________________________________________

(6 mharc)

**Ceist 4. Is grianghraf é seo de dhaoine atá ag obair ar son an chirt.**




*Curtha in oiriúint ó www.peaceeagle.org*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** sa ghrianghraf seo a thugann le tuiscint go bhfuil na daoine seo ag obair ar son an cheartais.

________________________________________

________________________________________

(2 mharc)

**B.** Tabhair sampla **eile** de bhealach inar féidir le baill de phobal creidimh obair a dhéanamh ar son an cheartais.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

(2 mharc)

**C.** Luaigh **dhá** chúis a n-oibríonn baill de phobal creidimh ar son an cheartais.

i. ________________________________________

________________________________________

________________________________________

ii. ________________________________________

________________________________________

________________________________________


(6 mharc)

## ROINN 3

(50 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

LÉIGH AN SLIOCHT SEO A LEANAS AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA UILE A LEANANN É.



Ar an gcéad Domhnach i mí na Samhna 1987 bhailigh daoine le chéile in Inis Ceithleann, i dTuaisceart Éireann, chun cuimhneamh orthu siúd a maraíodh i gcogaí san am a chuaigh thart. Agus daoine ag bailiú le chéile ag leacht cuimhneacháin na gcogaí phléasc buama agus caitheadh bruscarnach ar fud na háite. Bhí Gordon Wilson agus a iníon, Marie, ábhar altra a bhí 20 bliana d'aois, clúdaithe cúpla troigh thíos faoin mbrablach. Sa dorchadas agus i rith an rírá d'éirigh leis an athair agus iníon a lámha a shíneadh amach agus greim láimhe a fháil ar a chéile. D'fhiafraigh Gordon dá iníon "An bhfuil tú ceart go leor, Marie?" D'fháisc Marie lámh a hathar agus dúirt sí "Tá grá mór agam duit a Dhaidí." Ba iad seo na focail deiridh a dúirt sí. Mharaigh an buama aon duine dhéag agus, ina measc, Marie a fuair bás níos déanaí san ospidéal. Gortaíodh Gordon Wilson, a hathair croíbhriste, sa phléascadh ach chuir sé iontas ar na tuairisceoirí a chuir agallamh air an tráthnóna sin nuair a dúirt sé: "Níl aon drochrún agam dóibh... níl aon olc agam dóibh" i dtaobh na mbuamadóirí mar "ní chuirfeadh sé sin an dé ar ais inti." Dúirt sé, ó ba bhriathra grá na focail deiridh a dúirt a iníon, go nguífeadh sé ar son na ndaoine a bhí freagrach as an mbuamáil agus go nglacfadh sé buíochas do neart ghrá síoraí Dé. Le linn na mblianta deiridh dá shaol, ba mhinic a d'iarrtaí ar Gordon Wilson labhairt faoina eispéireas. D'oibrigh Gordon Wilson go dian ar son na síochána agus leis an nimh idir dhaoine a chloí trí na cruinnithe ar fhreastail sé orthu, na hagallaimh a thug sé agus trína chuid scríbhneoireachta. (*Foinse: Athchóirithe ó Revolutionary Christians le C. Richards*)

**1.** a. Déan cur síos ar bhealach **amháin** inar féidir leat maithiúnas a fheiceáil sa sliocht thuas.

(10 marc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

+ =

b. Mínigh conas is féidir leat an t-ionracas *nó* an creideamh reiligiúnach a fheiceáil sa sliocht thuas.

(10 marc)

**2.** a. I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'peaca' ná __________________________

(5 mharc)

b. Tabhair breac-chuntas ar shampla **amháin** den teagasc ar mhaithiúnas atá le fáil i mór-reiligiún domhanda a ndearna tú staidéar air.

*(Reiligiún Domhanda)*

(10 marc)

**3.** Déan próifíl ar an gcaoi a léiríonn baill de mhór-reiligiún domhanda a riachtanas maithiúnas a fháil le linn gníomh adhartha.

(15 mharc)

## ROINN 4

(200 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 55 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT **CEITHRE** CINN DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**(Tá 50 marc ag gabháil le gach ceist)**

### Ceist 1. POBAIL CHREIDIMH

**A.** a. An Dr. Yaakov Pearlman is ainm do cheannaire a bhfuil baint aige le pobal creidimh in Éirinn. Ainmnigh ceannaire **eile** a bhfuil baint aige/aici le pobal creidimh in Éirinn.

________________________________________

(5 mharc)

b. Ról amháin is féidir le duine a ghlacadh i bpobal creidimh ná bheith ina c(h)eannaire. Déan cur síos ar a bhfuil i gceist le **dhá** ról eile a d’fhéadfadh a bheith ag daoine i bpobal creidimh.

i. ________________________________________

ii. ________________________________________

(14 mharc)

c. Mínigh cúis **amháin** a bhfuil tairbhe ann dá bhaill má bhíonn róil éagsúla i bpobal creidimh.

________________________________________

(12 mharc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

+ =

**B.** a. I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'foilsiú' ná toil dhiaga/Dé/na ndéithe á cur in iúl. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

(5 mharc)

b. Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi inar féidir leat an foilsiú a fheiceáil sa scéal i gceann **amháin** de na mór-reiligiúin dhomhanda seo a leanas:

◆AN BÚDACHAS ◆AN CHRÍOSTAÍOCHT ◆AN HIONDÚCHAS ◆AN tIOSLAMACHAS ◆AN GIÚDACHAS

_______________
*(Reiligiún Domhanda)*

(14 mharc)

**Ceist 2.** **BUNÚS AN REILIGIÚIN — AN CHRÍOSTAÍOCHT**

**A.** a. An Ghailíl an t-ainm a bhí ar phroibhinse amháin a bhí sa Phalaistín le linn Íosa. Ainmnigh proibhinse **eile** sa Phalaistín le linn Íosa.

(5 mharc)

b. Mínigh **dhá** chúis a raibh coimhlint idir na ceannairí Rómhánacha agus Giúdacha sa Phalaistín le linn Íosa.

i.



Don Scrúdaitheoir amháin

+ =

ii.

(10 marc)

**B.** a. Tugtar liosta thíos d'imeachtaí a tharla tar éis bhás Íosa.
Cuir uimhir le **gach** imeacht san ord inar tharla sé. Ba chóir uimhir 1 a chur leis an gcéad imeacht agus ba chóir uimhir 3 a chur leis an imeacht deiridh.

| *Uimhir:* | *Imeachtaí a tharla tar éis bhás Íosa:* |
|---|---|
| ____________ | ● Nochtann Íosa é féin dá dheisceabail. |
| ____________ | ● Téann Íosa suas ar neamh. |
| ____________ | ● Déantar Íosa a adhlacadh. |

(9 marc)

b. Mínigh cén fáth a dtugtar na Soiscéil Shionoptacha ar Shoiscéil Mhatha, Mharcais agus Lúcáis.

(12 mharc)

c. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** ionchas a bhí ag na Giúdaigh maidir le Ríocht Dé le linn Íosa.

i.

ii.

(14 mharc)

## Ceist 3. BUNÚS AN REILIGIÚIN — NA MÓR-REILIGIÚIN DHOMHANDA

**A.** Cuir tic ✓ le **ceann amháin** de na mór-reiligiúin dhomhanda seo a leanas a bhfuil staidéar déanta agat air:

AN BÚDACHAS ☐ AN HIONDÚCHAS ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐ AN GIÚDACHAS ☐

a. Ainmnigh téacs naofa **amháin** a bhfuil an bhaint is mó aige leis an reiligiún domhanda a bhfuil tic curtha agat leis thuas. ______________________

(5 mharc)

b. Tabhair breac-chuntas ar a raibh i gceist le **dhá** cheann de na céimeanna i bhforbairt an téacs naofa atá ainmnithe agat thuas.

i. ______________________

ii. ______________________

(14 mharc)

**B.** a. Déan cur síos ar shampla **amháin** den chaoi a n-úsáidtear téacs naofa san adhradh ag baill den reiligiún domhanda a bhfuil tic curtha agat leis thuas.

______________________

(15 mharc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

| + | = |
|---|---|
| | |

b. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí ina bhféadfadh téacs naofa dul i bhfeidhm ar shlí mhaireachtála bhaill an reiligiúin dhomhanda a bhfuil tic curtha agat leis thuas.

i. ______

ii. ______

(16 mharc)

## Ceist 4. CEIST AN CHREIDIMH

**A.** a. Déan cur síos ar íomhá **amháin** de Dhia a ndearna tú staidéar uirthi.

(10 marc)



Don Scrúdaitheoir amháin

+ =

b. Tabhair breac-chuntas ar conas atá foinse **amháin** a d'fhéadfadh a bheith mar bhunús leis an íomhá de Dhia a bhfuil cur síos déanta agat uirthi thuas.

(12 mharc)

c. Mínigh cúis **amháin** a n-athródh an íomhá de Dhia atá ag duine agus é/í ag fás ó aois pháiste go haois duine fásta.

(12 mharc)

**B.** Scrúdaigh **dhá** bhealach inar athraigh an cleachtas reiligiúnach in Éirinn le céad bliain anuas.

i.

ii.

(16 mharc)

## Ceist 5. CEILIÚRADH AN CHREIDIMH

**A.** Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na mór-reiligiúin dhomhanda seo a leanas a bhfuil staidéar déanta agat air: AN BÚDACHAS ☐ AN CHRÍOSTAÍOCHT ☐ AN HIONDÚCHAS ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐ AN GIÚDACHAS ☐

a. Ainmnigh foirgneamh reiligiúnach **amháin** a bhfuil tábhacht leis do na baill den mór-reiligiún domhanda a bhfuil tic curtha agat leis.

(5 mharc)

b. Déan cur síos ar **dhá** bhealach ina n-úsáideann na baill den reiligiún domhanda an foirgneamh atá ainmnithe agat thuas.

i.

ii.

(14 mharc)

**B.** a. Déan cur síos ar shampla **amháin** dá bhfuil i gceist agus leas á bhaint as an midheamhain mar chineál urnaí.

(15 mharc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

+ =

b. Mínigh **dhá** chúis a mbaineann daoine leas as an midheamhain mar chineál urnaí.

i. ___

ii. ___

(16 mharc)

**Ceist 6.** **DÚSHLÁN NA MORÁLTACHTA**

**A.** a. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhfuil sé tábhachtach do bhaill mór-reiligiúin dhomhanda meas a bheith acu ar chreidimh daoine eile.

i. ___

ii. ___

(14 mharc)



Don Scrúdaitheoir amháin

+ =

b. Déan cur síos ar shampla **amháin** d'obair atá ar bun ag baill de mhór-reiligiún domhanda chun meas a chothú do chreidimh daoine eile.

(15 mharc)

**B.** a. Cabhraíonn coinsias duine leis/léi ______________________

(5 mharc)

b. Pléigh an chaoi inar féidir le coinsias duine forbairt agus é/í fás chun aibíocht mhorálta.

(16 mharc)

## ROINN 5

(70 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT CEANN **AMHÁIN** DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**(Tá 70 marc ag gabháil le gach ceist)**

**Ceist 1.**

Déan próifíl ar phobal creidimh **amháin** a ndearna tú staidéar air faoi na ceannteidil seo a leanas:

i. AN STRUCHTÚR CEANNAIREACHTA.

ii. NA DÚSHLÁIN ROIMH AN gCEANNAIREACHT.

**Ceist 2.**

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** cheann de na saintréithe a bhaineann le Ríocht Dé de réir mar a chuir Íosa in iúl dá lucht leanúna iad ina chuid seanmóirí.

**Ceist 3.**

Scrúdaigh cé mar a chuaigh próiseas an leathnaithe i bhfeidhm ar fhorbairt **cheann amháin** de na mór-reiligiúin dhomhanda seo a leanas:

◆ AN BÚDACHAS ◆ AN HIONDÚCHAS ◆ AN tIOSLAMACHAS ◆ AN GIÚDACHAS

**Ceist 4.**

*Tugann an Eolaíocht agus an Reiligiún dhá chuntas atá an-difriúil ar an gcaoi ar thosaigh an domhan.*

Déan an fhianaise don ráiteas seo a phlé ag tagairt do na dearcthaí eolaíochta agus reiligiúnacha maidir le cruthú an domhain.

**Ceist 5.**

*Féadann eispéiris áirithe sa saol daoine a chur ag machnamh ar bhrí na beatha.*

a. Scrúdaigh an chaoi ina bhféadfadh eispéiris i saol duine é/í a chur ag machnamh ar rúndiamhracht na beatha.

b. Tabhair breac-chuntas ar shampla **amháin** den chaoi a bhféadfaí iarracht duine teacht ar bhrí na beatha a léiriú le linn gníomh adhartha.

**Ceist 6.**

● ÚDARÁS ● TRAIDISIÚN

Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a bhféadfadh **gach ceann** díobh seo thuas breithiúnas na mball i bpobal creidimh a threorú ar an rud atá ceart agus an rud atá mícheart faoi shaincheist.

DÉAN DEIMHIN DE, LE DO THOIL, GO dTUGANN TÚ UIMHIR NA CEISTE
ATÁ Á FREAGAIRT AGAT SA SPÁS THÍOS.

**Roinn 5.** Ceist ___



*Don Scrúdaitheoir amháin*

| + | = |
|---|---|

(70 marc)

Leathanach Bán